Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

SCÉIM na gCOISTÍ um BEARTAIS STRAITÉISEACHA

STRATEGIC POLICY COMMITTEES SCHEME

2019-2024

Tar éis aighneachtaí a fháil, bhreithnigh an Chomhairle Cathrach an dréachtscéim ag a Gnáthchruinniú a bhí ar siúl ar an 9 Meán Fómhair 2019. Ghlac an Chomhairle leis an scéim athbhreithnithe arna leasú.

Clár

Clár 1

1. Réamhrá 2

2. Ról an Choiste um Beartais Straitéiseacha 2

3. Cúnamh ó Údaráis Phoiblí 3

4. Ról an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh 3

5. An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 – Cód Trédhearcachta 4

6. Líon Beartaithe SPCanna 4

7. Cumraíocht agus Feidhmeanna Beartais 5

8. Strategic Feidhmeanna an Choiste um Beartais Straitéiseacha 6

SPC 1: Tithíocht & Ionchuimsiú Sóisialta 6

SPC 2: Pleanáil 7

SPC 3: Forbairt Eacnamaíochta, Pobail & Cultúir 7

SPC 4: Iompar 8

SPC 5: Athrú Aeráide, Comhshaol, Áineas agus Taitneamhacht 8

9. Cathaoirligh 8

10. Ballraíocht 9

Cumraíocht SPC 10

11. Próiseas Ainmniúcháin d'Ionadaithe Earnála 12

12. Costais a Thabhaigh Comhaltaí 13

15. Ciorclaíocht an Dréacht-Scéim 13

16. Glacadh leis an Scéim 13

Aguisín I – Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA 14

1. Réamhrá

I gcomhréir le forálacha Alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú le hAlt 41 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014, bunóidh an Chomhairle trí choistí réitigh ar a dtabharfar Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) chun breithniú a dhéanamh ar nithe a bhaineann le foirmiú, forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú polasaí a bhaineann le feidhmeanna an údaráis áitiúil agus comhairle a thabhairt don Chomhairle ar na nithe sin.

2. Ról an Choiste um Beartais Straitéiseacha

Is í an Chomhairle an t-údarás cinnteoireachta agus is é tasc na SPC comhairle agus cúnamh a thabhairt don Chomhairle ina cuid oibre maidir le ceapadh, forbairt agus athbhreithniú beartais maidir le feidhmeanna de chineál straitéiseach a fhorchoimeádtar do na Comhaltaí Tofa na Comhairle Cathrach, faoi réir an chreata reachtúil ábhartha.

Cé go bhfuil sé de chúram ar gach SPC cabhrú leis an gComhairle beartas a cheapadh agus a fhorbairt, is faoin gComhairle iomlán a bheidh na cinntí beartais deiridh (Alt 130 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 – 2014). Tá sé mar aidhm ag an gcóras SPC deis a thabhairt do Chomhairleoirí agus do leasanna earnála ábhartha rannpháirtíocht iomlán a bheith acu sa phróiseas déanta beartais ó na céimeanna tosaigh, nuair a bhíonn roghanna beartais níos líofa. Mar sin, ba cheart go leor den réamhobair agus den obair chúlra, den phlé agus den mholadh a bheith críochnaithe ag leibhéal an SPC le go ndéanfaidh an Chomhairle breithniú deiridh orthu agus go ndéanfaidh an Chomhairle iad a dhaingniú.

Príomhról a bheidh ag SPCanna ná díriú ar shaincheisteanna straitéiseacha agus forbhreathnú straitéiseach a ghlacadh ar réimsí beartais ábhartha sa chomhthéacs níos leithne. Dá réir sin:

- • Aontóidh gach SPC a chlár bliantúil, ceangailte leis na beartais straitéiseacha i bPlean Corparáideach na Comhairle;
- • Tuairisceoidh Cathaoirligh SPC don Chomhairle ar imeachtaí an Choiste;
- • Cuirfidh obair gach SPC san áireamh beartas agus cuspóirí corparáideacha foriomlána na Comhairle, comhlíonfaidh siad forálacha reachtúla, comhtháthófar le pleananna reachtúla nuair is cuí, agus nascfaidh sé go réalaíoch le hacmhainní airgeadais;
- • Féadfaidh gach SPC cinneadh a dhéanamh ar shocruithe comhairleacha cuí, ag féachaint don fhoráil reachtúil, na leasanna a bhfuil ionadaíocht acu cheana féin ar an SPC agus aon treoirlínte arna soláthar ag an gComhairle; agus
- • Ba cheart don Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) an obair a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir oibre na SPC.

Is féidir leis an nGrúpa um Bheartas Corparáideach breithniú a dhéanamh ar phróiseas athbhreithnithe bliantúil a chur leis agus a fhormáid a fhorbairt agus a chur in iúl do na SPC in am chun pleananna oibre bliantúla gach SPC a fhorbairt roimh dheireadh na bliana.

3. Cúnamh ó Údaráis Phoiblí

Tugann Alt 48(3A) d'Acht 2001 (a cuireadh isteach le hAlt 41(d) d'Acht 2014) an chumhacht do SPC freastal ar údaráis phoiblí ag cruinniú a lorg chun cabhrú leis beartas a fhorbairt.

Ba cheart go ndéanfaí iarratas chuig údarás poiblí freastal ar chruinniú de chuid SPC le –

- • an tsaincheist a bhfuiltear ag lorg comhairle ina leith a leagan amach, lena n-áirítear aon pháipéir bheartais de chuid an údaráis áitiúil, nó dréachtpháipéir bheartais a sholáthar, agus na naisc le freagracht beartais an údaráis phoiblí; agus
- • fógra míosa ar a laghad a sholáthar, nó eatramh níos giorra má chomhaontaítear é.

Forálann an tAcht go bhféadfaidh an t-údarás poiblí cuidiú leis an SPC i bhfoirmliú a bheartais ag an SPC. Is é cuspóir an tsoláthair acmhainn bhreise a thabhairt chun beartas a cheapadh agus naisc a neartú idir údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí a bhfuil freagrachtaí níos leithne orthu sa réimse earnála ina bhfeidhmíonn an SPC. Ní féidir an cuireadh chun freastal ar chruinniú de SPC a úsáid chun an t-údarás poiblí a cheistiú i gcomhlíonadh a fheidhmeanna nó a dhualgais.

4. Ról an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh

Cuimsíonn an CPG an Méara agus Cathaoirligh na SPC agus freastalóidh an Príomhfheidhmeannach nó a ainmnitheach air. Nascfaidh an CPG obair na SPCanna éagsúla, gníomhóidh sé mar chineál comh-aireachta agus soláthróidh sé fóram inar féidir seasaimh bheartais a bhaineann leis an gComhairle iomlán a chomhaontú lena gcur faoi bhráid an Comhairle iomlán. Tuairisceoidh an Méara don Chomhairle ar obair an CPG.

Ba cheart don CPG:

- • Príomhról a ghlacadh in ullmhú an bhuiséid (faoi réir threoirlínte ar an bpróiseas buiséadach);
- • Ionchur a sholáthar don Chomhairle iomlán ar aon ábhar imní ginearálta don Chomhairle, as a stuaim féin nó tar éis iarratas ón gComhairle;
- • Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht iomlán na Comhairle;
- • Déileáil le saincheisteanna foriomlána maidir le pleananna seachadta seirbhíse, seirbhís do chustaiméirí, luach ar airgead, etc., (déileálfaidh SPCanna aonair le saincheisteanna dá leithéid ina gcuid oibre chomh fada agus a bhaineann lena sainchúram seirbhíse);

-
- • Obair na SPC a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcláir oibre;
- • Iarraidh ar SPCanna saincheisteanna beartais ar leith a bhreithniú nuair is cuí; agus
- • Aiseolas a sholáthar do na SPCanna ar bheartas agus tuairimí na Comhairle i réimsí a bhaineann leis na SPC.

5. An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 – Cód Trédhearcachta

Tá an tAcht um Brústocaireacht a Rialáil, 2015 (an tAcht) deartha chun faisnéis a sholáthar don phobal maidir le cé atá ag déanamh brústocaireachta, do cé agus cad faoi. D'fhéadfadh go mbeadh oibleagáidí faoin Acht ag daoine aonair agus eagraíochtaí a ghlacann páirt i gCoistí um Beartais Straitéiseacha arna mbunú ag údaráis áitiúla.

Gné ríthábhachtach de dearadh beartais phoiblí ag na Coistí um Beartais Straitéiseacha is ea saineolas, scileanna agus eolas a bheith ar fáil do na húdaráis áitiúla ó dhaoine lasmuigh den tseirbhís phoiblí. I gcás ina bhfuil comhaltas an Choiste comhdhéanta de dhuine amháin ar a laghad atá, chun críocha an Achta, ina Oifigeach Poiblí Ainmnithe, d'fhéadfadh sé a bheith i gceist go bhféadfaí cumarsáid laistigh den ghrúpa a mheas mar chumarsáidí brústocaireachta. D'fhéadfadh go gceanglófar ar an duine a dhéanfaidh na cumarsáidí sin clárú mar bhrústocairí agus tuairisceán na cumarsáide sin a chur isteach ar an gClár Brústocaireachta.

Mar sin féin, forálann an tAcht d'eisceacht ón gceanglas clárú i gcásanna den sórt sin a luaithe go bhfuil critéir trédhearcachta sonraithe curtha i bhfeidhm. D'fhoilsigh an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe cód trédhearcachta chun dul i ngleic leis an gcás seo. Bheadh cumarsáidí idir comhaltaí an Choiste um Beartais Straitéiseacha faoi obair an Choiste díolmhaithe i gcás ina gcomhlíonann an grúpa atá i gceist an Cód Trédhearcachta.

6. Líon Beartaithe SPCanna

Is é a bheidh i líon na SPCanna i gComhairle Cathrach na Gaillimhe ná 5 SPC lena n-áirítear an SPC a n-áirítear Forbairt agus Fiontraíocht Eacnamaíoch a shainchúram atá riachtanach faoin Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Agus líon na SPCanna á gcinneadh, chuir an Chomhairle na fachtóirí seo a leanas san áireamh agus creat foriomlán na SPCanna á gcinneadh:

- • Alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 arna leasú ag Alt 41 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014;

- • Ciorclán DHPLG LG07/2014 – Treoirlínte chun Grúpaí Beartais Chorparáidigh agus Coistí um Beartais Straitéiseacha a Bhunú agus a Oibriú;
- • Líon iomlán na gcomhaltaí tofa ar an gComhairle;
-
- • An raon leasanna earnála agus eile a ndéanfar ionadaíocht orthu, lena n-áirítear scaipeadh réasúnta leasanna a éascú;
- • Is maith an rud é deis leordhóthanach a thabhairt do Chomhairleoirí agus leasanna earnála a bheith rannpháirteach;
- • Socrú eagraíochtúil na ngrúpaí seirbhíse laistigh den údarás agus an sainchúram atá beartaithe do gach SPC;
- • An gá atá le cinntiú nach gcuirtear an iomarca brú ar acmhainní eagraíochtúla agus airgeadais an údaráis áitiúil áirithe;
- • Comhtháthú le riachtanais chomhlíonta eile agus struchtúir choistí agus nósanna imeachta cuíchóirithe a chinntiú go ginearálta; agus
- • Tugadh aird freisin ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC), lena n-áirítear a bhallraíocht agus a shainchúram.

7. Cumraíocht agus Feidhmeanna Beartais

Ag féachaint don mhéid thuas, beidh 5 Choiste um Beartais Straitéiseacha ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, a thiocfaidh le chéile go ráithiúil agus a bheidh cumraithe mar a leanas:



Tuairisceoidh Cathaoirligh na SPC go díreach chuig an gComhairle Cathrach.

8. Feidhmeanna an Choiste um Beartais Straitéiseacha

Leagtar amach sa chuid seo a leanas sonraí ar fheidhmeanna gach ceann de

na 5 SPC. Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGS) (Féach Aguisín I)

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Bhallstát go léir de na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. Is é atá i gClár Oibre 2030 ná sraith de 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) chun deireadh a chur le bochtaineacht, éagothroime agus éagóir a chomhrac, agus dul i ngleic le hathrú aeráide faoi 2030. Is glao ar ghníomhaíocht ó gach tír iad na SDGanna – bocht, saibhir, meánioncaim chun rathúnas a chur chun cinn agus an phláinéid a chosaint. Aithníonn siad go gcaithfidh deireadh a chur le bochtaineacht dul lámh ar láimh le straitéisí as a dtagann fás eacnamaíoch inbhuanaithe, cuimsitheach agus a thugann aghaidh ar raon riachtanas sóisialta, lena n-áirítear oideachas, sláinte, cosaint shóisialta agus deiseanna fostaíochta, agus dul i ngleic le hathrú aeráide agus cosaint an chomhshaoil.

Is féidir le gach Coiste um Beartais Straitéiseacha ag breithniú na SDG(anna) ábhartha ról suntasach a bhaint amach i logánú na SDGanna agus a phlean oibre bliantúil á fhorbairt.

SPC 1: Tithíocht & Ionchuimsiú Sóisialta

Sainchúram straitéiseach molta:

- • Straitéis Tithíochta
- • Tithíocht Údarás Áitiúil a Sholáthar
- • Bainistíocht ar an stoc tithíochta
- • Scéimeanna deonacha tithíochta
- • Pleananna lóistín don Lucht Siúil
- • Straitéis agus Cóiríocht do Dhaoine gan Dídean
- • Tithe cónaithe príobháideacha ar cíos, caighdeáin tithíochta agus rialú foirgníochta
- • Rannpháirtíocht Tionóntaí agus tacaíochtaí Cónaitheoirí
- • Iasachtaí agus deontais tithíochta
- • Beartas um Iompar Frithshóisialta
- • Leithdháiltí / Inrochtaineacht / Tosaíocht
- • Clár Tógála / Athchóirithe Tithíochta

SPC 2: Pleanáil

Sainchúram straitéiseach molta:

- • Plean Forbartha Cathrach
- • Pleananna Ceantair Áitiúil
- • Straitéis Réigiúnach, Spásúil & Eacnamaíoch
- • Creat Pleanála Náisiúnta
- • Fearann Poiblí
- • Oidhreacht

SPC 3: Forbairt Eacnamaíochta, Pobail & Cultúir

Sainchúram straitéiseach molta:

- • Forbairt Eacnamaíoch lena n-áirítear líonraí agus comhpháirtíochtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus trasnáisiúnta.
- • Forbairt agus tacaíocht fiontraíochta lena n-áirítear an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO).
- • Gnéithe eacnamaíocha an LECP a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú
- • Turasóireacht, Cur Chun Cinn na Cathrach agus Nascadh
- • Forbairt Pobail
- • Cursaí Gaeilge sa Chathair Dhá Theangach
- • Beartas & Oidhreacht Chultúrtha
- • Na hEalaíona agus Leabharlanna
- • Amharclanna, Músaem agus Spásanna Cultúrtha

SPC 4: Iompar

Sainchúram straitéiseach molta:

- • Straitéis Iompair na Gaillimhe
- • Plean Bainistíochta Tráchta Lár na Cathrach (lena n-áirítear BusConnects, Infreastruchtúr Rothaíochta agus Feabhsú Coisithe)
- • Sábháilteacht ar Bhóithre
- • Fodhlíthe Tráchta/Páirceála
- • Plean Gníomhaíochta Torainn (tras anonn le SPC Comhshaoil)

SPC 5: Athrú Aeráide, Comhshaol, Áineas agus Taitneamhacht

Sainchúram straitéiseach molta:

- • Beartas Maolaithe Aeráide & Oiriúnaithe
- • Beartas Bithéagsúlachta
- • Bainistíocht Dramhaíola
- • Bainistíocht Bruscair
- • Rialú truaillithe
- • Clár 21
- • Reiligí
- • Cosaint dóiteáin

• Láithreáin thréigthe
• Corr-Thrádáil
• Rialú Madraí
• Seirbhísí tréidliachta
• Spás Oscailte, Páirceanna, Tránna agus Páirceanna Imeartha
• Ionaid agus áiseanna caitheamh aimsire

9. Cathaoirligh

Beidh Cathaoirleach gach SPC ina Chomhairleoir, arna ainmniú ag an gComhairle Cathrach, agus beidh sé i seilbh oifige ar feadh íostréimhse trí bliana, a fhéadfaidh an Chomhairle Cathrach a shíneadh.
Is í an Chomhairle Cathrach a cheapfaidh Cathaoirligh ina dhiaidh sin as measc na gComhairleoirí atá ar an SPC cheana féin. Má scoireann Cathaoirleach de bheith ina Chomhairleoir scoirfidh sé nó sí de bheith ina bhall den SPC go huathoibríoch.
Leanfaidh Cathaoirleach SPC ag am an Toghcháin Áitiúil de bheith i seilbh oifige go dtí an gnáthlá scoir de Chomhaltaí tar éis an toghcháin, de réir Alt 17 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Ba cheart cathaoirligh a roghnú ar an mbonn go bhfuil suim acu in obair na SPCanna agus go bhfuil siad feasach ar a ról maidir le ceannaireacht a sholáthar agus oibriú leis an Stiúrthóir ábhartha chun oibriú rianúil agus éifeachtach an Choiste a éascú.

10. Ballraíocht

De réir fhorálacha na reachtaíochta agus na dtreoirlínte beidh dhá thrian Comhairleoirí agus aon trian ionadaithe earnála i mballraíocht na SPCanna. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir le comhaltas SPCanna

• Beidh gach Comhairleoir ina bhall de 2 SPC ar a laghad agus féadfaidh roinnt a bheith ina bhall de thriúr;
• Beidh gach comhalta de SPC i seilbh oifige ar feadh shaolré na Comhairle (cúig bliana de ghnáth);
• Má scoireann Comhairleoir de SPC de bheith ina Chomhairleoir scoirfidh sé nó sí de bheith ina bhall de SPC go huathoibríoch;
• Tá gach earnáil ainmniúcháin i dteideal a hainmnithe a dhíroghnú de réir mar is gá;
• Is féidir ionadaíocht a dhéanamh d'earnáil ar níos mó ná SPC amháin;
• Ní fhéadfaidh ionadaí earnála a bheith ina bhall de níos mó ná SPC amháin.

Cuireadh na fachtóirí seo a leanas san áireamh agus ionadaíocht earnála á chinneadh ar gach SPC sa dréacht-Scéim agus trasna orthu.

• An gá atá le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta a chothú go ginearálta;
• Gealltanas sonraithe oibriú i dtreo na cothromaíochta inscne agus an chothromaíocht inscne a spreagadh chomh hiomlán agus is féidir in ionadaíocht ó na hearnálacha;
• An gá atá le cur chuige réamhghníomhach a chinntiú maidir leis an oiread earnálacha ábhartha agus is féidir a bheith ann ar fud an chórais SPC;
• An gá atá le cothromaíocht idir leasanna éagsúla;
• An gá atá le hiniúchadh cuimsitheach ar ghrúpaí laistigh de limistéar an údaráis áitiúil chun an comhairliúchán is iomláine agus is féidir a éascú le gach earnáil;
• Ábhair imní thosaíochta gach earnála agus oiriúnacht na SPCanna do na hábhair imní seo;

- • An gaol idir líon na SPCanna agus an raon leasanna ar féidir ionadaíocht a dhéanamh orthu;
- • Tiomantas do chothú na ionchuimsitheacht shóisialta agus an chomhionannais;
- • Gealltanas straitéis fhaisnéise réamhghníomhach a bheith ann chun an pobal a chur ar an eolas faoi athnuachan an rialtais áitiúil;
- Cé chomh maith is atá sé eagraíochtaí ábhartha a éascú le bheith mar chuid de na toghcheantair ainmniúcháin.

Cumraíocht SPC

Beidh 12 chomhalta san iomlán ag gach SPC, ar a mbeidh 8 gComhalta Tofa agus 4 Ionadaí Earnála. Beidh ionadaíocht ag na hEarnálacha seo a leanas ar na SPCanna:

- Comhshaol/Caomhnú/Cultúr
- • Forbairt/ Tógáil
- • Gnó/Tráchtáil
- • Ceardchumann
- • Pobal/Deonach
- • Ionchuimsiú sóisialta

Seo a leanas an ionadaíocht atá beartaithe do na hearnálacha ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha:

SPC 1: **Tithíocht & Ionchuimsiú Sóisialta**	• Pobal/Deonach • Ionchuimsiú Sóisialta • Forbairt/Tógáil • Ceardchumann
SPC 2: **Pleanáil**	• Pobal/Deonach • Gnó/Tráchtáil • Comhshaol/Caomhnú • Ceardchumann
SPC 3: **Forbairt Eacnamaíochta, Pobail & Cultúir**	• Pobal/Deonach • Gnó/Tráchtáil • Ceardchumann • Culture
SPC 4: **Iompar**	• Pobal/Deonach • Gnó/Tráchtáil • Comhshaol/Caomhnú • Ceardchumann
SPC 5: **Athrú Aeráide, Comhshaol, Áineas agus Taitneamhacht**	• Pobal/Deonach • Ionchuimsiú Sóisialta • Comhshaol/Caomhnú • Gnó/Tráchtáil

11. Próiseas Ainmniúcháin d'Ionadaithe Earnála

Is mar seo a leanas a bheidh an próiseas ainmniúcháin do na heagraíochtaí colún náisiúnta:

- • Éascóidh colún na n-eagraíochtaí gnó agus fostóirí na hearnálacha gnó/tráchtála agus forbairt/tógála. Go háitiúil ba chóir cuireadh a thabhairt dó seo trí Chumann Tráchtála na Gaillimhe agus na líonraí gnó áitiúla.
- • Déanfaidh an Ceardchumann éascú ar earnáil na gCeardchumann trí Chomhairle Cheardaíochta na Gaillimhe.

Maidir le:

- • An Earnáil Comhshaol / Caomhnú
- • An earnáil pobal / deonach agus
- An éarnáil Ionchuimsiú Sóisialta

Cinnfear ainmniúcháin ar bhonn an phróisis ainmniúcháin áitiúil tríd an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) / Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (GCCN). Caithfidh na Balleagraíochtaí agus iad ag dul isteach i Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe rogha a dhéanamh a bheith mar chuid de cheann de thrí choláiste toghcháin laistigh den PPN:

- Comhshaol
- Ionchuimsiú Sóisialta
- Pobal agus Deonach

Chun dul isteach sa Choláiste Toghcháin Comhshaoil ní mór gurb iad príomhchuspóirí agus gníomhaíochtaí eagraíochta ná cosaint comhshaoil (i.e. éiceolaíocht) agus/nó inbhuanaitheacht comhshaoil. Déanfaidh an colún comhshaoil ag leibhéal náisiúnta ballraíocht an Choláiste Toghcháin seo a bhailíochtú.

Chun dul isteach sa Choláiste Toghcháin um Chuimsiú Sóisialta ní mór do phríomhchuspóirí agus gníomhaíochtaí eagraíochta díriú ar chuimsiú sóisialta/ceartas sóisialta/comhionannas. Beidh eagraíochtaí a bhfuil a bpríomhchuspóirí seachas na cinn atá liostaithe thuas ina mbaill den Choláiste Toghcháin Pobail agus Deonach.

Cuirfidh an Chomhairle a dhóthain ama, faisnéise agus saoráidí ar fáil don PPN, más gá, le gur féidir ionadaithe a ainmniú. Tar éis don Chomhairle an Scéim SPC a ghlacadh, tabharfar 1 mhí do gach Earnáil chun sonraí faoina n-ainmniúchán a sholáthar don Chomhairle.

Ba cheart go n-urramódh gach earnáil na prionsabail seo a leanas agus grúpaí agus comhlachais á roghnú dá n-earnáil ar leith lena n-áirítear na prionsabail sin atá á n-éascú ag na piléir náisiúnta.

- • Ba chóir go mbeadh grúpaí/cumainn gníomhach sa cheantar nó i limistéar an údaráis agus go mbeadh tionchar acu ar fud na cathrach nó, ar a laghad ábharthacht, i gceantar nó i líon

áiteanna sa cheantar.

- • Ba cheart go mbeadh grúpaí/cumainn oscailte do chomhaltaí nua, go dtionólfaí CGBanna agus cruinnithe rialta, agus go mbeadh siad ionadaíoch agus cuntasach go ginearálta.
- • Ba cheart go mbeadh grúpaí sainleasa aonair incháilithe, e.g. grúpaí feachtais atá dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas nó aosta. Níor cheart grúpaí saincheiste aonair a mheas lena gcuimsiú sna hearnálacha.
- • Níor cheart Gníomhaireachtaí Forbartha Stáit agus Áitiúla a áireamh mar chomhlachtaí ainmniúcháin do na hearnálacha agus níor cheart go mbeadh ionadaíocht acu ar SPC. Féadfaidh earnálacha, áfach, daoine a ainmniú ó ghníomhaireacht forbartha áitiúil chun suí ar SPC.

12. Costais a Thabhaigh Comhaltaí

Go ginearálta, d'íocfadh an eagraíocht a ndéanann an ball SPC ionadaíocht di aon chostais taistil a thiocfadh chun cinn do chomhalta SPC. I gcúinsí eisceachtúla, áfach, nuair nach bhfuil an comhlacht ainmniúcháin in ann costais taistil den sórt sin a íoc, bheadh an comhalta i dteideal taisteal a éileamh chun freastal ar chruinnithe SPC, ag an ráta is infheidhme maidir le Comhaltaí Tofa na Comhairle.

15. Ciorclaíocht an Dréacht-Scéim

Tar éis don Chomhairle Cathrach an Dréacht-Scéim (arna leasú) a bhreithniú, cuireadh ar aghaidh í lena breithniú chuig an GCCN/PPN agus chuig na piléir náisiúnta agus áitiúla geallsealbhóirí cuí. Foilsíodh fógra á rá gur bhreithnigh an Chomhairle an dréachtscéim agus go raibh an dréachtscéim eisithe ag an gComhairle le haghaidh comhairliúcháin i nuachtán áitiúil agus ar shuíomh gréasáin www.galwaycity.ie agus trí na meáin shóisialta ar feadh 6 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra chun aighneachtaí a dhéanamh ar an dréacht.

16. Glacadh leis an Scéim

Tar éis aighneachtaí a fháil, bhreithnigh an Chomhairle Cathrach an dréachtscéim ag a Gnáthchruinniú a bhí ar siúl ar an 9 Meán Fómhair 2019. Ghlac an Chomhairle leis an scéim athbhreithnithe arna leasú.

Aguisín I – Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council